

eti

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*



Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta



INFHEISTEOR I NDAOINE

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

Tuairisc ar Chigireacht Leantach

**Naíscoil na gCrann
Bóthar Bhaile na Mullán**

Dáta na Cigireachta: Márta 2008

CIGIREACHT LEANTACH I NAÍScoil NA GCRANN, AN ÓMAIGH, CO THÍR EOGHAIN, BT79 0GZ (2AB-0529)

Sa chigireacht ar Náiscoil na gCrann tugadh aird ar leith na nithe seo a leanas: láidreachtaí an cheannaire dhíograisigh; an caidreamh lán carthanachta agus cúnaimh a bhí idir an fhoireann agus na páistí, na deiseanna foghlama idir shásúil agus mhaith i mbunús réimsí an chlár réamhscolaíochta agus an dóigh a raibh tuiscint na bpáistí ar an Ghaeilge ag méadú, agus aimsíodh an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na modhanna pleanála agus measúnaithe sa dóigh go gcuirfear béim níos soiléire ar an fhoghlaím atá le cur chun cinn i ngach réimse súgartha agus lena chinntiú go mbeidh ceangal éifeachtach idir an phleanáil agus dul chun cinn na bpáistí;
- athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na páistí sin a aimsíodh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh; agus
- cur leis na hacmhainní lena chinntiú go mbeidh clár súgartha leathan ann a bhfuil dúshlán agus dul chun cinn ann.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla an t-athrú seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:

- Ní hionann an fhoireann uile anois agus a bhíodh; ceapadh beirt bhall foirne nua ar na mallaibh.
- Fuarthas maoiniú mór le háit an-mhaith súgartha a dhéanamh amuigh faoin spéir.
- Fuarthas acmhainní breise don seomra súgartha agus cuirfidh sin feabhas ar an soláthar ginearálta le haghaidh súgartha.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) cigireacht leantach ar 6 Márta 2008.

Níl plean forbartha ag an ionad réamhscolaíochta agus tá géarghá ann go gceapfaidh sé plean le go mbeidh sé in ann bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an dóigh a gcuirfear athruithe agus feabhsúcháin i bhfeidhm.

Tá tús curtha le hobair chun forbairt a dhéanamh ar mhodhanna pleanála agus measúnaithe; cruthaíodh naisc ar na mallaibh idir an t-ionad agus gníomhaireachtaí taobh amuigh le go dtabharfar tacaíocht do pháistí aonair, agus caitheadh maoiniú mór ar acmhainní ardchaighdeán go háirithe san áit amuigh faoin spéir. Mar sin féin, is léir ón fhianaise a fuarthas ón chigireacht leantach nach leor an dul chun cinn atá déanta ag an ionad agus é ag tabhairt faoi fhormhór na réimsí a aimsíodh sa chéad chigireacht. Is neamhleor an freastal atá déanta ar na príomhréimsí seo a leanas:

- tá tuilleadh forbartha lé déanamh ar na modhanna pleanála agus measúnaithe sa dóigh go gcuirfear béim níos soiléire ar an fhoghlaím atá le cur chun cinn i ngach réimse súgartha agus lena chinntiú go mbeidh ceangal éifeachtach idir an phleanáil agus dul chun cinn na bpáistí; agus
- tá athbhreithniú le déanamh ar na modhanna chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na páistí sin a aimsíodh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

Ó bhí an chigireacht ann níl luacháil éifeachtach déanta ag an ionad réamhscolaíochta ar an dul chun cinn atá déanta sna réimsí a aimsíodh mar réimsí a bhí le feabhsú. Molann an Chigireacht go ndéanfar forbairt níos iomláine ar na próisis a úsáidtear le haghaidh féinmheastóireachta chun go ndíreofar go láidir ar fhéinmheastóireacht mar ghléas le feabhsúcháin a thabhairt i gcrích.

Ní leor an dul chun cinn atá déanta sna réimsí tábhachtacha a bhí le feabhsú agus a aimsíodh le linn na chéad chigireachta. Mar ábhar práinne, caithfidh an fhoireann i gcomhar leis an saineolaí oideachais luath-óige tabhairt faoi na réimsí tábhachtacha atá le feabhsú agus a aimsíodh le linn na chéad chigireachta, má tá an t-ionad le freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais na bpáistí go léir. Beidh ar an cheannaire cúnamh breise a fháil ón taobh amuigh, má táthar le tabhairt go leordhóthanach faoi na heasnamh a aimsíodh.

Déanfaidh an Chigireacht faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin. Déanfar cigireacht leantach eile.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk